Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

11749/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0216(NLE)

AELE 63
FL 31
ISL 41
N 67
MI 764
ENER 508

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE |

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**
**Uimh. …/…**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) De bhun Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE[2], tá maolú ag an Íoslainn ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], arb é bunús dlí Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 é. Dá bhrí sin níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 maidir leis an Íoslainn.

(3) Déantar foráil in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 nach bhfuil feidhm le bheith ag an Rialachán sin maidir le criosanna cothromúcháin sna Ballstáit ag a bhfuil maolú ar bhonn Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. I gcomhréir le Treoir 2009/73/CE, de réir mar atá sí ionchorpraithe i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE, tá feidhm le bheith ag maolú den sórt sin maidir le Lichtinstéin. Dá bhrí sin níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 maidir le Lichtinstéin.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún an 26 Márta 2014 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir (IO L 91, 27.3.2014, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/312/oj).

2 Cinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE an 5 Bealtaine 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2019/205] (IO L 36, 7.2.2019, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/205/oj).

3 Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/715/oj).

4 Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/73/oj).

(4) Níl aon líonra tarchuir gáis nádúrtha san Iorua faoi réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 . Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 a ionchorprú i gComhaontú LEE agus a thrasuí sa dlí náisiúnta, ach ba cheart a chur i bhfeidhm a chur ar fionraí go dtí go mbeidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun san Iorua. Nuair a bheidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun, ba cheart don Iorua fógra a thabhairt d' Údarás Faireacháin CSTE dá réir.

(5) Ós rud é gur glacadh Rialachán (AE) 312/2014 ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 715/2009, na téacsanna oiriúnúcháin arna mionsaothrú agus arna nglacadh faoi Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE, lena n-ionchorpraítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 i gComhchoiste LEE, tá siad ábhartha i leith chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 312/2014.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 53 (Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'54. **32014 R 0312**: Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún an 26 Márta 2014 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir (IO L 91, 27.3.2014, lch. 15).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Féadfaidh an Iorua cur chun feidhme an Rialacháin a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear tús le hoibriú líonra tarchuir gáis ina críoch. Tabharfaidh an Iorua fógra d'Údarás Faireacháin CSTE nuair a bheidh líonra tarchuir gáis ar bun.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Íoslainn ná le Lichtinstéin.'.

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE a ghabhann le *hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an …, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus i bhForlíonadh LEE a ghabhann léi.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

---

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]